



Trí ríomhphost amháin

Aibreán 2025

Uimhir Thagartha: NIO.23.04.25.01

Maidir le: An tábhacht a bhaineann le vacsaín MMR agus a bheith airdeallach ar an mbruitíneach

A Chomhghleacaí, a chara,

Tuairiscíodh breis agus 120,000 cás den bhruitíneach san Eoraip in 2024. Sin dhá oiread an lín cásanna a tuairiscíodh in 2023, agus is é an líon is airde cásanna ó bhí 1997 ann.

Tá leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois go háirithe leochaileach i leith deacrachtaí tromchúiseacha sláinte de bharr an bhruitíneach. Is ionann iad agus níos mó ná 40% de na cásanna. Tá cásanna den bhruitíneach á dtuairisciú in Éirinn fós.

Tá FSS ag scríobh chun do thacaíocht a iarraidh chun tuismitheoirí, caomhnóirí agus baill foirne a chur ar an eolas faoin méid seo a leanas:

- súil a choinneáil amach do shiomptóim na bruitíní
- an tábhacht a bhaineann leis an vacsaín MMR (an bhruitíneach, leicneach agus an bhruitíneach dhearg) chun leanaí a chosaint

Bheimis buíoch dá dtabharfá tacaíocht d'iarreachtaí cosc a chur le scaipeadh na bruitíní trí:

1. Eolas faoi chomharthaí na bruitíní a roinnt le tuismitheoirí. Is féidir leat cóip de [phóstaer na bruitíní FSS](#) a íoslódáil agus smaoineamh ar é a thaispeáint i do shaoráid cúraim leanaí nó i do scoil.

2. Tuismitheoirí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar www.immunisation.ie. Tá eolas [anseo](#) faoin tábhacht a bhaineann le vacsaín MMR agus conas é a fháil.

Tá litir shamplach dréachtaithe againn. Roinn é seo le tuismitheoirí, le do thoil.

Is mise le meas,

Dr Lucy Jessop

Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí
– Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta
MRCN 424447

Dr Abigail Collins

Comhairleach i Míochaine Sláinte
Poiblí – Ceannaire Cliniciúil Náisiúnta
Sláinte Leanaí Sláinte Poiblí
Uimhir Chláraithe CDL: 404629



Aibreán 2025

Maidir le: An tábhacht a bhaineann le vacsaín MMR agus a bheith airdeallach ar an mbruitíneach

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir Dhlíthiúil, a chara,

Tuairiscíodh breis agus 120,000 cás den bhruitíneach san Eoraip in 2024. Sin dhá oiread an lín cásanna a tuairiscíodh in 2023. Tá cásanna den bhruitíneach á dtuairisciú in Éirinn fós.

Táimid ag iarraidh ar thuismitheoirí:

1. a bheith ar an eolas faoin mbruitíneach – bíodh na siomptóim ar eolas agat
2. déan cinnte go bhfuil a vacsaíní MMR (an bhruitíneach, leicneach agus an bhruitíneach dhearg) molta faighte ag do leanaí. Déantar é seo a thairiscint ag 12 mhí agus le linn na naíonáin shóisearacha

Cosain do leanbh - Bí airdeallach ar an mbruitíneach

Is féidir leis an mbruitíneach a bheith míthaitneamhach. Is galar a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach agus an-tógálach é, go háirithe i leanaí óga faoi bhun 5 bliana d'aois.

Áirítear le siomptóim na bruitíní:

- fiabhras ard
- casacht
- srón ag sileadh
- gríos, a bhíonn le feiceáil go hiondúil ar an gceann agus ar an muineál ar dtús agus ina dhiaidh sin a leathann amach thar an gcorp iomlán

Is féidir leis an mbruitíneach a bheith ina cúis le galar trom lena n-áirítear níúmóine, agus athlasadh na hinchinne (einceifealaíteas). Seans go mbeidh ar dhuine as gach cúigear a bhfuil an bhruitíneach orthu dul chuig an ospidéal, agus d'fhéadfadh sí a bheith ina cúis bháis.

Faigh eolais faoi shiomptóim na bruitíní ag: <https://www2.hse.ie/conditions/measles/> nó trí 'bruitíneach FSS' a chuardach.

Má thagann an bhruitíneach ar do leanbh, cuir d'áis luathfhoghlama agus cúraim leanaí ar an eolas láithreach. B'fhéidir go mbeidh ar leanaí i ngrúpa nó i rang do linbh an vacsaín MMR a fháil.

Cosain do leanbh – Faigh an vacsaín MMR

Is é an vacsaíniú MMR an bealach is fearr chun do leanbh a chosaint in aghaidh na bruitíní.

Tá an ráta glactha maidir leis an dá dháileog den vacsaín MMR faoi bhun sprioc FSS le

**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**

Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation Office

Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie

[Twitter](#), [Instagram](#),
[YouTube](#), [LinkedIn](#)

t 01 8676108

e immunisation@hse.ie

tamall anuas. Is cúis mhór imní é seo. Is féidir leis an mbruitíneach scaipeadh go héasca idir daoine nach bhfuil vacsaínithe. Is féidir leis a bheith ina chúis le tinneas an-tromchúiseach.

Conas is féidir liom an vacsaín MMR a fháil do mo leanbh?

Tairgtear 2 dháileog den vacsaín MMR do leanaí. Tugann 2 dháileog den vacsaín MMR an chosaint is fearr.

Tugann dochtúir ginearálta an chéad dáileog do leanaí nuair a bhíonn leanaí 12 mhí d'aois.

Tugann foirne vacsaínithe scoile FSS an dara dáileog nuair a bhíonn leanaí i naíonáin shóisearacha. (I Sligeach, Liatroim agus Dún na nGall, tugann dochtúirí ginearálta an vacsaín seo).

Naíonáin shóisearacha

Déanfar an vacsaín 4 in 1 agus MMR a thairiscint do do leanbh le linn na naíonáin shóisearacha. Tapaigh an deis, le do thoil, chun iad a vacsaíniú. Is féidir na vacsaíní seo a thabhairt go sábháilte ag an am céanna. Tá foirne scoile FSS fós ag tabhairt cuairte ar scoileanna chun an vacsaín a thairiscint.

Má chaill do leanbh an vacsaín nuair a thug na foirne cuairt ar do scoil, is féidir leat dul i dteagmháil le foireann scoile FSS. Socróidh siad coinne chun an vacsaín a fháil.

Cad a tharlóidh má chaill mé amach ar vacsaín MMR a fháil do mo leanbh?

Níl sé ródhéanach vacsaíniú a fháil. Tá an vacsaín MMR ar fáil mar vacsaíniú cúitimh d'aon duine a chaill amach ar an gcéad nó ar an dara dáileog a fháil. Déan teagmháil le cleachtas do DG le haghaidh comhairle.

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Tá tuilleadh eolais faoin vacsaín MMR ar fáil ó www.immunisation.ie

Le dea-mhéin,

Dr Lucy Jessop

Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí
– Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta
MRCN 424447

Dr Abigail Collins

Comhairleach i Míochaine Sláinte
Poiblí – Ceannaire Cliniciúil Náisiúnta
Sláinte Leanaí Sláinte Poiblí
Uimhir Chláraithe CDL: 404629